

## **Leabharlanna dlrd: Treoirínte maidir leis na Meáin Shóisialta & Coinníollacha Úsáide**

Is é an misean atá ag seirbhís leabharlainne dlrd 'an caighdeán saoil sa Chontae a fheabhsú tríd an deis a bheith ann sásamh a bhaint as an léitheoireacht agus as a bheith ag gabháil den fhoghlaim ar feadh an tsaoil'. Cuid bhreise den tseirbhís seo is ea an láithreach atá againn ar líne de dheasca na meán sóisialta; is láithreach í atá tábhachtach mar go gcuidíonn sí le Leabharlanna dlrd déanamh de réir a ráitis misin.

### **Sainmhíniú ar na Meáin Shóisialta**

Áirítear leis na meáin shóisialta na huirlisí éagsúla teicneolaíochta ar líne a chuireann ar chumas daoine a bheith i mbun cumarsáide go héasca tríd an idirlíon chun faisnéis, tuairimí agus taithí a roinnt. Éascaíonn sé an comhrá agus an t-idirghníomhú idir daoine aonair, grúpaí agus dreamanna fíorúla.

Is féidir téacs, fuaim, físeán, íomhánna, podchraoltaí agus ilmheáin eile a áireamh leis na meáin shóisialta. Bíonn brí níos leithne á cur i gcónaí leis an sainmhíniú atá ar na meáin shóisialta agus braitheann sé sin ar an teicneolaíocht a bhíonn ar fáil.

### **Leabharlanna dlrd: Spriocanna na Meán Sóisialta**

Úsáideann Leabharlanna dlrd meáin shóisialta amhail suíomhanna gréasáin, an ríomhphost, blaganna, podchraoltaí, Twitter agus suíomhanna eile don líonrú sóisialta amhail Facebook chun:

- Faisnéis a roinnt
- Teagmháil a dhéanamh lenár mbaill agus lenár n-úsáideoirí
- Aiseolas, tráchtanna agus moltaí a fháil
- Cuidiú chun pobal úsáideoirí leabharlainne ar líne a bhunú
- An léitheoireacht agus foghlaim ar feadh an tsaoil a spreagadh
- Seirbhísí agus imeachtaí leabharlainne a chur chun cinn

### **Coinníollacha Úsáide**

Tugann Leabharlanna dlrd cuireadh do dhaoine den phobal aithne a chur orainn ar ár leathanaigh agus úsáid a bhaint astu agus cuirimid fáilte roimh ghiotaí, tráchtanna agus aiseolas. Déanfaimid ár ndícheall ár leathanaigh don líonrú sóisialta a bheith idirghníomhach agus freagra a thabhairt ar thráchtanna agus ar theachtaireachtaí nuair a iarrfar a leithéid. Nuair a roghnaíonn úsáideoirí idirghníomhú le, tuairim a thabhairt faoi, nó úsáid a bhaint as aon suíomh meán sóisialta de chuid Leabharlanna dlrd (lena n-áirítear blag na leabharlainne), meastar go n-aontaíonn na húsáideoirí sin leis na treoirínte agus leis na coinníollacha seo a leanas.

- Aithníonn Leabharlanna dlrd go mbíonn difríochtaí tuairime ann agus glacann sí leis sin. Cé go bhfáiltímid roimh thráchtanna, tvuíteanna, poist agus aiseolas, coimeádaímid an ceart againn féin ábhar nó tráchtanna a bhaint anuas ar ábhar nó tráchtanna iad a mheasfaí a bheith ciníoch, ina n-ábhar coil, maslach, clúmhillteach, nó a mbeadh sé ar intinn leo duine

eile a chrá, a chiapadh, a imeaglú nó magadh a dhéanamh faoi nó fúithi. Ní mór d'úsáideoirí agus do lucht leanúna staonadh ó ráitis in-chlúmhilleacha, ábhar bradaithe, inneachar polaitíochta nó reiligiúnach, nó ábhar tráchtála lena n-áirítear fógraí faoi tháirgí nó faoi sheirbhísí, a sheoladh.

- Tá treoirlínte agus rialacha dá gcuid féin nach mór cloí leo ag an gcuid is mó de na pobail atá i líonraí sóisialta ar líne. Ní fhorhúiníonn Leabharlanna dlrd na cleachtais ná na beartais phríobháideachta atá ag aon suíomh gréasáin lena bhfuil siad nasctha. Is ar phriacal an úsáideora féin a bhaintear úsáid as aon suíomh don líonrú sóisialta.
- Is iomaí foinse faisnéise agus is iomaí nasc atá ar shuíomhanna meán sóisialta ach b'fhéidir go bhfuil roinnt acu míchruinn, easnamhach, sean, nó go bhfuil ábhar coil orthu. Ní féidir le Leabharlanna dlrd aon fhreagracht a ghlacadh as poist, tvuíteanna, tráchtanna nó ábhar arna bpostáil ar a suíomhanna don líonrú sóisialta ag úsáideoirí eile.
- Beimid ag idirghníomhú lenár lucht leanúna agus lenár n-úsáideoirí a mhéid is féidir é, ach ní mór a thabhairt ar aire nach meastar gur teagmháil oifigiúil le Leabharlanna dlrd na teachtaireachtaí, tráchtanna, ceisteanna nó clamhsáin a phostáiltear ar shuíomhanna don líonrú sóisialta. Dá bhrí sin, níor cheart d'úsáideoirí dul in iontaoibh suíomhanna don líonrú sóisialta chun saincheisteanna, clamhsáin nó údair imní a bhaineann le Leabharlanna dlrd a ardú agus ba cheart dóibh ina áit sin úsáid a bhaint as na sonraí teagmhála atá liostaithe ar ár suíomh gréasáin le haghaidh na ngnóthaí sin.
- Níor cheart úsáid a bhaint as suíomhanna don líonrú sóisialta chun iarraidh orainn do leabhair nó nithe eile a athnuachan. Ní dhéanfar aon fhíneálacha thar téarma dá leanfadh ar na nithe sin a tharscaoileadh. Más mian leat ní a athnuachan, féadfaidh tú sin a dhéanamh trínár suíomh gréasáin, ar an teileafón nó bualadh isteach chuig ceann dár leabharlanna. Ar an gcuma chéanna, níor cheart úsáid a bhaint as suíomhanna don líonrú sóisialta chun leabhair nó nithe eile a iarraidh nó a chur in áirithe.
- Impítear ort gan do shonraí pearsanta amhail uimhir do chárta leabharlainne, d'uimhir PIN ná teileafóin ná do sheoladh a phostáil ar líne.
- Féadfar na treoirlínte agus na coinníollacha seo a leasú am ar bith.

Feabhra 2013